# AN MHATA I MBUN OIBRE!

## #BAINIMÚSÁIDASMATA



**Nuair a chuaigh mé go dtí an coláiste chun staidéar a dhéanamh ar Aclaíocht agus Eolaíocht Sláinte, chonaic mé an tábhacht a bhaineann le cothromóidí, codáin, úsáid graif srl., chun tomhais a oibriú amach agus chun dul chun cinn mo chliaint a mheas.**

Mar chóitseálaí, dá fheabhas mé, is gá dom taifeadadh agus monatóireacht a dhéanamh go leanúnach ar ghníomhaíocht agus ar dhul chun cinn, ar ghluaiseachtaí agus ar chothú mo chliaint, chun a chinntiú go bhfuil siad ag obair ag a mbuaicacmhainneacht chun a gcuid spriocanna a bhaint amach. Gan Mata, ní bheinn in ann an post is aoibhinn liom agus a bhfuilim an-tugtha dó a dhéanamh!

**Anya Ksenia Farrell** - Teagascóir Aclaíochta, Traenálaí Pearsanta agus Cóitseálaí Gleacaíochta **CEATHARLACH**



**Mar shiúinéir, bainim úsáid as an Mhata gach lá chun an méid adhmaid agus ábhar atá ag teastáil a oibriú amach, chun costais a ríomh, agus chun meastacháin a thabhairt do chustaiméirí.**

Úsáidim triantánacht agus céimseata chun a chinntiú go bhfuil uillinneacha, ailt agus feistis ailínithe go foirfe. Is réimse eile de mo shaol é an spórt ina bhfuil tábhacht ag baint leis an Mhata. San iománaíocht, baintear úsáid as staitisticí chun foghlaim conas is féidir linn ár n-aclaíocht agus ár gcruinneas scórála a fheabhsú. Ó d'fhág mé an scoil, tá tábhacht na Mata tugtha faoi deara agam in dhá cheann de na réimsí is tábhachtaí i mo shaol: mo ghairmréim ghairmiúil agus mo ghairmréim spóirt.

**Enda Dunphy** - Printíseach Siúinéara agus Imreoir Iomána Chontae Thiobraid Árann **TIOBRAID ÁRANN**



**Bhí dúil mhór agam sa Mhata ar scoil agus smaoinigh mé i gcónaí uirthi mar ghleacaíocht don inchinn!**

Mar bhainisteoir mórtheagmhais do Sun Life, tugaim aire do chomhordú na bhfoirne teicniúla chun a chinntiú go socrófar aon cheist TF gan mhoill. Déileálaimid le méideanna móra sonraí agus uimhreacha chun críocha tuairiscithe. Tá sé ríthábhachtach tuiscint a fháil ar conas faisnéis a léirmhíniú trí halgartaim agus fiosruithe chun torthaí beachta a fháil. Oibrím mar mheicneoir gluaisteán freisin agus i mo ról phroifisiúnta araon, cabhraíonn smaointeoireacht chriticiúil agus scileanna réiteach fadhbanna a bhaineann le Mata liom chun dul i ngleic go rathúil le dúshláin laethúla.

**Sarah Tisseaux** - Bainisteoir Mórtheagmhais, Sun Life **PORT LÁIRGE**



**Le bheith macánta, níor thaitin an Mhata go mór liom riamh ar scoil agus ní raibh mé go maith aici, ach is í an Mhata an scian ilúsáide is fearr amach 's amach!**

Úsáidim an Mhata gach lá gan fiú smaoineamh faoi, mar shampla na tomhais chruinne sin a aimsiú le haghaidh faid agus airde léime, nó an luas ceart a fháil chun na léimeanna sin a ghlanadh! Úsáidim an Mhata freisin agus mé ag léamh léarscáileanna ar na cosáin. Táim an-tógtha le sonraíochtaí rothair agus cabhraíonn an Mhata anseo freisin. Is foirmle rúnda í an Mhata a chuireann beachtas agus sult le mo chuid eachtraí rothaíochta sléibhe!

**Jack Sweeney** - Cóitseálaí Rothar Sléibhe agus Treoraí Cosáin **DÚN NA nGALL**



**Mar Chomhordaitheoir Óige, cuirim ár gclár litearthachta airgeadais 'Money Smarts' ar fáil do dhaltaí meánscoile, ag spreagadh an chéad ghlúin eile le bheith thar a bheith muinineach maidir le gach rud a bhaineann le hairgead.**

Leagtar béim ar an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag litearthacht airgeadais ar a bhfolláine ar an iomlán. Ba chuma liom an Mhata nuair a bhí mé ar scoil. Níor thuig mé riamh cé chomh tábhachtach agus a bhí sí do mo thodhchaí. Dá fheabhas a bheidh do thuiscint ar an Mhata agus ar airgeadas, is ea is feasaí a bheidh do chuid cinntí i gcúrsaí airgeadais amach anseo.

**Rachel Watts** - Comhairleoir Fáilte agus Comhordaitheoir Óige, Banc na hÉireann **Ceantar Thuaidh**




**Déanaim ionadaíocht ar Éirinn agus ar Adidas sa lúthchleasaíocht. I láthair na huaire tá curiarrachtaí náisiúnta agam sna rás ráibe 60m agus 100m, rud a fhágann gurb é an t-Éireannach is gasta riamh mé!**

Is minic a bhuaigh daoine rásaí le difríocht 0.01 soicind. Chun comparáid a thuigtar go héasca a thabhairt - tógann sé ar an meán 0.3 soicind súil a chaochadh! Ar scoil, thaitin an Mhata agus réiteach fadhbanna liom i gcónaí. Ní bhfuair mé na gráid is fearr i gcónaí, ach níor chuir sé sin bac orm taitneamh a bhaint as. Tá sé go hiontach a bheith in ann na scileanna sin a fheabhsú ar scoil agus a bheith in ann iad a úsáid anois i mo shaol gairmiúil mar lúthchleasaí.

**Israel Olatunde** - Lúthchleasaí Gairmiúil & Mac Léinn **AN LÚ**

Le haghaidh tuilleadh Mata ag an Obair féach Local Heroes

Maths Week Ireland

14-22 Deireadh Fómhair 2023

#bainimúsáidasmata #MathsWeek2023

**Cláraigh anois ar mathsweek.ie**

Arna chomhordú ag

CALMAST

SETU Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt South East Technological University

Le tacaíocht ó

Science Foundation Ireland For what's next

Business in the Community The Responsible Business Network Northern Ireland

In association with Smart Futures www.smartfutures.ie

An Roinn Oideachais Department of Education